



**Office of An Coimisinéir Teanga**

Report under subsection 26(5) of the Official Languages Act 2003

to the Houses of the Oireachtas

on

the implementation of the recommendations of an investigation conducted  
under subsection 21(c) of the Official Languages Act 2003

Health Service Executive

## **CONTENTS**

- CHAPTER 1** – Background
- CHAPTER 2** – Summary of the Investigations
- CHAPTER 3** – The Investigation Process
- CHAPTER 4** – The Next Step
- APPENDIX A** – Investigative Report 1 – Language Scheme of the Health Service Executive (Western Region)
- APPENDIX B** – Investigative Report 2 – Information campaign and signage regarding swine flu
- APPENDIX C** – Correspondence from the Health Service Executive in respect of Investigation 1
- APPENDIX D** – Correspondence from the Health Service Executive in respect of Investigation 1
- APPENDIX E** – Correspondence from the Health Service Executive in respect of Investigation 2

## **CHAPTER 1 – Background**

In accordance with subsection 26(5) of the Official Languages Act 2003 I am permitted, as Coimisinéir Teanga, to lay a report before both Houses of the Oireachtas if I am of the opinion that a public body did not implement any part of the recommendations contained in a report on an investigation I had undertaken. This report concerns two independent investigations on the Health Service Executive which my Office completed during 2009. The reports on both those investigations are provided as **APPENDIX A** and **APPENDIX B** of this report. As a reasonable period of time has passed and having completed the appropriate enquiries, I have reached the conclusion that certain recommendations made by me in those investigations have not been satisfactorily implemented by the Executive.

When it comes to my attention that there may be a doubt as to the manner in which any public body is implementing any provision of the Official Languages Act 2003 or of any other enactment relating to the status or use of an official language, my Office usually resorts to a resolution procedure with the public body in question. Where that procedure fails to produce an acceptable result I may carry out an investigation under the powers granted to me by subsections 21(c) and 21(f) of the Official Languages Act. I may do this on my own initiative, on request by the Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht or pursuant to a complaint made to me.

In any case where an investigative report is issued, it is reiterated that any party to an investigation, or any other person affected by the findings and recommendations of the investigation, may appeal the matter to the High Court on a point of law. No such appeal was made in respect of either of the investigations which are the subject of this report.

After a reasonable period of time has passed, it is common practice for my Office to review the manner in which public bodies have implemented the recommendations which arose from any investigation. Throughout this process, an opportunity is granted to the public body to give an account of the manner in which the recommendations were implemented.

During 2010, two investigations which were carried out by my Office in relation to the Health Service Executive were amongst those reviewed as to the way in which the recommendations of the investigation had been implemented.

The investigations which are the subject of this report concerned:

- **The Language Scheme of the Health Service Executive – Western Region**
- **Signs relating to swine flu which came under the jurisdiction of subsection 9(1) of the Official Languages Act.**

Having considered the results of that audit I am of the opinion that the public body did not implement the recommendations of the investigation in a full or appropriate manner.

## **CHAPTER 2 – Summary of the Investigations**

### **Investigation 1 – Language Scheme of the Health Service Executive (Western Region)**

Sections 11–19 of the Official Languages Act 2003 set out the provisions whereby public bodies agree language schemes. Such language schemes detail the developments to be undertaken in the provision of services in the Irish language over the three year lifespan of the schemes.

The Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs agreed such a scheme with the Health Service Executive – Western Region and confirmed it with effect from 1 September 2005. Language schemes are statutory schemes and under subsection 18(1) of the Official Languages Act 2003, a public body – in this case, the Health Service Executive – is obliged to carry out a scheme confirmed under the Act.

*Section 18. — “(1) Where the Minister confirms a scheme under this Act, the public body shall proceed to carry out the scheme.”*

There is a legal obligation placed on me, as Coimisinéir Teanga, under subsection 21(a) of the Official Languages Act 2003 “*to monitor compliance by public bodies with the provisions of this Act*”. It was in this context that the audit of the implementation of the language scheme of the Health Service Executive took place from which arose the doubts as to the implementation of the scheme. On completion of that monitoring process, it was decided that an investigation was required into the manner in which the Health Service Executive was implementing the statutory language scheme.

The investigation illustrated that the Health Service Executive had contravened a provision of the Official Languages Act regarding particular commitments of its Western Area language scheme. Amongst the commitments contravened were:

- the provision of bilingual forms
- commitments relating to the recruitment and placement of staff in Gaeltacht areas
- patient care being available in hospitals in the language choice of the patient, and
- the establishment of a dedicated administrative unit in the Galway Gaeltacht with staff who were fluent in Irish

The Executive accepted that it had contravened the language scheme. It indicated that this had occurred because the Western Health Board had agreed the language scheme for the Western Area and that the situation had regressed when all the health boards were amalgamated under the Executive. It stated that it was very difficult to impress upon the new organisation that the commitments given in the scheme had implications for the whole organisation.

The investigation was informed that many of the projects which had not been achieved were national initiatives and, as a result, there was a delay in their implementation. It was also mentioned that the country’s economic crisis would impact on the implementation of the language scheme in the future. I was of the opinion that none or even all of those

reasons sufficed as an excuse to amend, mitigate, delay or put an end to commitments which had been statutorily confirmed.

The Executive offered to have those commitments which had not been implemented included in the new national language scheme which was being devised for the public body. I couldn't accept this proposal since there is no statutory basis for commitments given in one language scheme being postponed to the next scheme.

It was clear to me that the Executive had never accepted responsibility for the scheme despite the statutory duty it had to implement the scheme. The huge body of internal administrative documentation which was provided to the investigation showed that the scheme had not been publicised. It was of major concern to me that the Executive had not made any attempt to actively inform the public about the provisions of the scheme and that it was difficult to understand how one could consider that a scheme of this nature would succeed when the public, which was to benefit from it, had not been informed of its existence.

Even when attention was drawn to particular cases through complaints, other investigations, an audit and a report by the Office of An Coimisinéir Teanga of the first year of implementation of the scheme, it was apparent to me that the Executive had failed to properly implement the scheme. It was not clear to me that the Executive had ever approached the initiative with the diligence and zeal required to fully implement the scheme.

It was my decision that the scheme had to be implemented in full and I recommended that a high level group be established by the Executive with the appropriate powers, authority and resources to ensure the full implementation of the scheme within the shortest possible timeframe and within 6 months from the date of this investigation's report at the latest.

## **Investigation 2 – Complying with Regulations made under subsection 9(1) of the Official Languages Act 2003 and subsection 9(3) of the Official Languages Act 2003**

A complaint was made to my Office in May 2009 that the Health Service Executive provided signs regarding swine flu, in English only, to public bodies for placement at airports, at ports, in hospitals and at other locations.

In addition, a significant number of complaints were made to my Office that the HSE distributed an information booklet entitled *Influenza A(H1N1)*, in English only, in May 2009 to the public in general, with the objective of providing information about swine flu.

It was the Executive's position that it had failed to distribute an Irish language version of the information booklet as a result of a national public health emergency and that it thought there was a derogation in exceptional cases from the Official Languages Act. The Executive indicated that it regretted that an Irish language version of the information booklet had not been issued and that it would make every effort to ensure that such a contravention would not occur again.

It was indicated that all the material had been translated into Irish and was available on the Executive's website since the investigation had been initiated. A copy of the information booklet in Irish was provided to the investigation.

I believe that not one person who is concerned about the protection and promotion of Irish would choose to put people's lives at risk for the sake of protecting language rights during a national public health emergency. Without life and health, languages do not exist.

The issue that arose in this investigation was whether there really was a conflict between the enormous health duties imposed on the Health Service Executive during an emergency and its duties with regard to language rights. Could proactive planning measures help to avoid language difficulties? Would a choice be made in other bilingual jurisdictions, where there was more than one official language, to provide important information to the public in general in only one of those languages?

In the case of the language choice of Gaeltacht communities, the investigation was aware of the results of a survey commissioned by the Health Service Executive itself from the company Ipsos Mori in October 2007 in the main Gaeltacht areas which showed that 84% of that community would choose to obtain health services in Irish if those services were available on equal terms and at the same standard as the corresponding services in English. The same research showed that 75% of that Gaeltacht community said that they could better discuss health matters through the medium of Irish than through English.

It appeared to me that the communication in this case was distributed solely in English to the public in general as a result of an emergency and a misunderstanding of the provisions of the Act. It was clear, however, that the Executive had sufficient time to design the information booklet in English and, therefore, it was obvious to me that it had

sufficient time to translate a booklet of 1,132 words into Irish. No material delay would have ensued.

With regard to the signs which were issued solely in English, the Executive said that it thought they were "*posters*" rather than signs and as such they didn't come under the aegis of the Regulations made under the Act regarding signage. I was of the view that the "*posters*" in this case were functioning as signs since it was clear that they were warning or information signs provided to give a clear message to the public about swine flu at airports, ports, hospitals and other locations.

It was my decision that it was too late at this stage to distribute the information booklet in Irish, but I recommended that an Irish version of the signage be provided to the appropriate authorities and that they be requested to display these signs in conjunction with the signs in English and in accordance with the relevant regulations made under the Act.

## **CHAPTER 3 – The Audit Process**

Once a reasonable period of time has passed from the time an investigative report has been issued, my Office examines how the public body is implementing the recommendations made by the investigation. During this process, the public body is afforded the opportunity to provide an official response as to the steps taken to date to implement the investigation's recommendations.

### **Investigation 1 – Language Scheme of the Health Service Executive (Western Region)**

The investigative report on this matter was issued on 9 March 2009. The key recommendation in the investigative report related to the establishment of a high level group, with the appropriate powers, to undertake the implementation of the language scheme. My belief was that such a group could provide the required focus as to the actions needed to effectively implement the scheme's commitments within a reasonable timeframe that would not exceed 6 months from the time the investigative report was issued. I requested that all the necessary powers, authority and resources be made available to this group to enable them to implement the language scheme's commitments.

I recommended that this high level group would furnish my Office with a plan to implement the scheme within 6 weeks from the date of the report and that progress reports be made available to me every 6 weeks after that.

On 15 April 2009, one week before the implementation plan was to be made available, my Office reminded the Executive of this requirement. In response, the Executive explained that the organisation was being restructured and that it could not undertake to establish such a group until that process was completed. After additional correspondence on the matter, the Director of the Regional Health Office – HSE West clarified that the recommendations made in the investigative report had been considered in full and the "*main national and regional changes would be implemented under the Transformation Programme by January 2010*". A copy of this letter is available in **APPENDIX C** of this report.

Although this was not in accordance with the investigation's recommendations, I was willing to accept the Executive's proposal on the understanding that the investigation's recommendations would be implemented in a systematic and sensible manner.

In July 2010 my Office re-examined the progress made by the Health Service Executive in implementing the investigation's recommendations. We wrote to the head of the organisation and requested answers in relation to each one of the investigation's recommendations. In a response received by this Office in November 2010, a copy of which is made available in **APPENDIX D** of this report, we were informed that the Executive "*through its Transformation Programme, had carried out a review of its structures and service delivery systems, including the provision of services through Irish*". The Health Service Executive declared that it had "*already achieved some significant improvements in services available and delivered through Irish*" and that it was mindful of its statutory obligations under the Official Languages Act.



We were informed that three recommendations, relating to the provision of services through Irish, followed from the review undertaken as part the Transformation Programme:

- *“Services through Irish / Compliance with the Official Languages Act, be overseen by a group comprising Senior Management Team delegates, to be finalised upon agreement of the HSE Scéim Teanga*
- *The key role of Human Resources be reflected, including re-alignment of network of Irish Language Officers*
- *Consumer Affairs to assist in liaison with Language Commissioner”*

Upon examination of this response, I am of the opinion that the implementation of the investigation’s recommendations is being delayed once again by the Executive. It is not clear to me that an honest effort, even on a phased basis, has been made by the Executive to act on the recommendations made by the investigation. It would appear that the Executive would prefer to set aside certain aspects of the statutory scheme agreed for the western region and to incorporate them in a national language scheme that has not yet been agreed. It should be stated that the Minister for Community, Equality and Gaeltacht Affairs requested the Executive to prepare such a national scheme in June 2007 but it has not yet been confirmed. This approach reverts to a recommendation made by the Executive during the investigation – a recommendation that I rejected at the time. I have not changed my view on the matter in the interim.

The Executive clearly stated in its response that all public bodies must operate under challenging economic conditions and that greater challenges lie ahead. The Executive expects that the future improvement of services through Irish will be achieved by increasing the Irish-speaking capacity of its reduced staff and by maximising the opportunities afforded by information technology and electronic services.

In summation, I do not believe that any significant progress and, even more importantly, any results are discernible from the recommendations that I made in the investigative report that was issued on 9 March 2009. As a result, the statutory commitments made by the Health Service Executive to enhance the provision of services through Irish remain unfulfilled five and a half years after those commitments were originally made.

## **Investigation 2 – Complying with Regulations made under subsection 9(1) of the Official Languages Act 2003 and subsection 9(3) of the Official Languages Act 2003**

The investigative report on this matter was issued on 11 June 2009. Five separate recommendations were made in the report that related in large measure to actions that would ensure future compliance with the relevant obligations placed by the Act. I also requested that the Health Service Executive provide an Irish language version of the warning/information signage regarding swine flu to the appropriate centres, airports, ports, hospitals and other authorities and that they be requested to display these signs in conjunction with the signs in English. In making this recommendation I wanted to ensure that an Irish version of the signage be displayed, on request from the Executive, in public places throughout the country in accordance with the requirements of the Act.

During the month of June 2009, my Office wrote to the Chief Executive of the Health Service Executive requesting information and evidence to do with the implementation of the investigation's recommendations. The following information was requested in that correspondence:

- The steps taken by the Executive to ensure that any new signage placed by it was in accordance with the Regulations made under the Official Languages Act.
- A copy of the information memorandum requested by the investigation to be distributed by the Executive to members of staff who could be responsible for information campaigns in the future and to members of staff who could be responsible for erecting signage.
- Confirmation that the warning/information signs about swine flu were made available to the authorities of the appropriate centres and that they were requested to display them.

A copy of the letter received from the Health Service Executive forms **APPENDIX E** of this report. In response to the queries raised, we were informed that the communications department was responsible for instructing the various departments on the obligations that needed to be complied with when communicating information to the public. We were informed that instructions relating to the Official Languages Act and associated Regulations were circulated to every member of staff with an e-mail address in February 2009.

Taking into account that the investigation had clarified the use of signage, I was concerned that it appeared the Executive had not undertaken any additional steps from the time of the investigative report being issued to ensure that any new signage complied with the requirements of the Regulations.

The investigation also recommended that an information memorandum be circulated amongst the staff of the Executive who could have responsibility for information campaigns in the future and members of staff who could be responsible for the placing of signs. I requested this so that those who have responsibility for compliance with the obligations placed by sections 9(1) and 9(3) of the Act could be reminded of these obligations, thereby reducing the risk of non-compliance in the future.

It was confirmed to me that the information memorandum was not issued as I had requested and that the Executive was relying on the instructions issued in February 2009 – instructions that were issued before the investigation had commenced and that had been taken into account as part of that investigation.

During the course of the enquiries conducted by this Office, the Executive did issue a memorandum on 1 October 2010 to the National Directors and the National Assistant Directors. The investigation's recommendations were detailed in that memorandum and it was requested that they be complied with henceforth. It was a matter of disappointment to me that it took the Executive 15 months to issue such a memorandum when I had requested that it be issued within 6 weeks from the issuing of the investigative report.

The Health Service Executive confirmed that an Irish language version of the warning/information signs regarding the swine flu had been prepared. Copies of those signs were made available to my Office and I was informed that they were available on the Executive's website.

I recommended in the investigative report that the Executive request the appropriate authorities to place an Irish version of these signs in support of those previously made available in English only. From the information made available to my Office it is clear that this much was done in relation to ports and airports only. It was confirmed to me that hospital and other appropriate authorities were not requested to display the Irish language version of the sign in support of those in previously made available in English only.

After examining the information made available to me during this process it is evident to me that the Executive did not appropriately implement the recommendations I made in the investigative report.

## **CHAPTER 4 – The Next Step**

As Coimisinéir Teanga it is my responsibility to take all necessary measures within my sphere of authority to ensure that public bodies comply with the provisions of the Official Languages Act. This is achieved by monitoring public bodies, providing advice to the public regarding their rights under the Act and providing advice to public bodies regarding their obligations under the Act.

When it is apparent to me that public bodies may be neglecting their obligations under the Official Languages Act or obligations placed by other enactments relating to the status or use of Irish, I'm empowered to initiate an investigation on the matter.

Findings and recommendations form part of any report that I issue after concluding an investigation. It is the responsibility of the public body to implement those recommendations within a reasonable period of time or within a specific period of time as may be set out in the investigation's recommendations. Any party to an investigation under the Act or any other person affected by my findings and recommendations following an investigation has the option and the right to make an appeal to the High Court on a point of law.

No such appeal was made in the case of the two investigations that are the subject of this report.

Once a reasonable period of time had passed from the issuing of the investigative reports, my Office examined the measures undertaken by the Executive to implement the various recommendations. During this process, the Executive was afforded the opportunity to respond in respect of the implementation of those recommendations. A copy of those responses is attached as appendices to this report.

After reviewing both cases in their entirety, I believe that the Health Service Executive has not implemented the recommendations of the investigations in a satisfactory manner and that I cannot, under the powers granted to me, undertake any additional measures to impress upon them to do so.

It is on that basis that I lay this report before both Houses of the Oireachtas.

It falls to the Houses of the Oireachtas to take whatever additional measures they deem appropriate.

# **APPENDIX A**

# **Tuarascáil faoi Alt 26 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar**

**Imscrúdú faoi fho-alt 21(c) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

**IM-684C**

## **Ábhar an Imscrúdaithe**

An bhfuil sárú déanta nó á dhéanamh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an dualgas reachtúil atá daingnithe i bhfo-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i dtaca le gealltanais áirithe de Scéim Teanga Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéar an Iarthair.

## **CLÁR**

<b>CAIBIDIL 1 – Cúlra</b>	<b>Lch 3</b>
<b>CAIBIDIL 2 – Cúlra Reachtúil – Acht agus Scéim</b>	<b>Lch 4</b>
<b>CAIBIDIL 3 – Freagra ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte</b>	<b>Lch 6</b>
<b>CAIBIDIL 4 – Osradharc ar an Imscrúdú</b>	<b>Lch 8</b>
<b>CAIBIDIL 5 – Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí</b>	<b>Lch 10</b>
<b>CAIBIDIL 6 – Achomhairc chuig an Ard-Chúirt</b>	<b>Lch 11</b>
<b>CAIBIDIL 7 – Tuairimí á Lorg</b>	<b>Lch 12</b>

## **AGUISÍN A**

## **AGUISÍN B**

## **AGUISÍN C**

## CAIBIDIL 1

### Cúlra

Rinne m’Oifig iniúchadh ar fhorfheidhmiú scéim teanga Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéar an Iarthair ag deireadh na tréimhse feidhme trí bliana.

Tháinig sé chun solais mar thoradh ar an iniúchadh sin go raibh gealltanais áirithe i scéim teanga Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéar an Iarthair – a bhí daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, a raibh amhras fúthu nach raibh siad curtha i bhfeidhm nó nach raibh siad curtha i bhfeidhm ina n-iomláine. I measc na ngealltanais sin, bhí forálacha maidir le leaganacha dátheangacha d’fhoirmeacha a bheith ar fáil, gealltanais maidir le hearcú agus socrúcháin i gceantair Ghaeltachta, cúram othar a bheith ar fáil sna hospidéal i rogha teanga an othair agus aonad riaracháin Gaeilge ar leith le foireann le Gaeilge líofa a bheith bunaithe i nGaeltacht na Gaillimhe. Tá liosta iomlán de na gealltanais a raibh amhras fúthu ar fáil in **AGUISÍN A**.

Faoi fho-alt 18(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéar an Iarthair san áireamh, na forálacha i scéim teanga atá daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoin Acht a chur i ngníomh.

Bhí imscrúdú déanta agam i 2008 faoi fho-alt 18(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla i dtaca leis an ngealltanais i Mír 4.6 de Scéim Teanga Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéar an Iarthair, a dheimhníonn gur trí Ghaeilge a dhéanfaí an chigireacht i naíonraí i nGaeltacht na Gaillimhe. Ba é toradh an imscrúdaithe sin gur chinn mé go raibh fo-alt 18(1) den Acht sáraithe ag an bhFeidhmeannacht agus rinne mé sraith moltaí le dul i ngleic leis an sárú sin.

D’admhaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar chuid den phróiseas iniúchta ar fhorfheidhmiú na scéime tar éis trí bliana, *“nár comhlíonadh na gealltanais uilig a tugadh sa scéim i 2004.”* Rinne m’Oifig iarracht teacht ar shocrú neamhfhoirmiúil a chinnteodh go gcuirfí an scéim i bhfeidhm ina iomláine ach níor éirigh leis an iarracht sin réiteach a fháil ar an gcás.

Ba léir dom nach raibh de rogha agam ach imscrúdú reachtúil a sheoladh de réir na bhforálacha in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i dtaca le feidhmiú iomlán na scéime trí fhógra i scríbhinn a thabhairt do cheann an chomhlachta phoiblí, sa chás seo an tOllamh Brendan Drumm, agus do pháirtithe cuí eile faoi fho-alt 23 den Acht. Seoladh an t-imscrúdú sin ar an 17 Nollaig 2008.



## CAIBIDIL 2

### Cúlra Reachtúil – Acht agus Scéim

Leagtar amach in Ailt 11-19 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 córas faoina gcomhaontaíonn comhlachtaí poiblí scéimeanna teanga ina leagtar síos na forbairtí a dhéanfar ar a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge le linn shaolré trí bliana na scéimeanna sin.

Chomhaontaigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta scéim dá leithéid le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéar an Iarthair agus dhaingnigh sé í le teacht i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2005.

Scéim reachtúil í an scéim teanga agus de réir fho-alt 18 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí, ina measc Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, scéim teanga atá daingnithe faoin Acht a chur i gcrích.

**Alt 18.** — *“(1) I gcás ina ndaingneoidh an tAire scéim faoin Acht seo, rachaidh an comhlacht poiblí ar aghaidh leis an scéim a chur i gcrích.”*

Tá dualgas reachtúil leagtha ormsa, mar Choimisinéir Teanga, faoi fho-alt 21(a) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, *“faireacháin a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta seo ag comhlachtaí poiblí,”* agus is sa chomhthéacs sin a rinneadh an t-iniúchadh ar fhorfheidhmiú scéim teanga na Feidhmeannachta as a d’eascair an t-amhras faoi chur i bhfeidhm na scéime.

### Feidhmeanna agus Údarás

Tá feidhmeanna na hOifige seo leagtha amach go reachtúil in Alt 21 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

I measc na bhfeidhmeanna sin tá:

*“imscrúduithe a dhéanamh, cibé acu ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, ar iarraidh ón Aire nó de bhun gearán a bheidh déanta leis nó léi ag aon duine, maidir le haon mhainneachtain ag comhlacht poiblí forálacha an Achta seo a chomhlíonadh, ar mainneachtain í ar dóigh leis nó léi nó, de réir mar is cuí, leis an Aire, gur féidir gur tharla sí,...”* Alt (21)(c)

Leagtar amach freisin cumhachtaí an Choimisinéara Teanga, ina measc:

*“Chun críche a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo, féadfaidh an Coimisinéir a cheangal ar aon duine a bhfuil, i dtuairim an Choimisinéara, faisnéis aige nó aici, nó a bhfuil cumhacht nó rialú aige nó aici ar thairfead nó ar rud, a bhaineann leis na críocha réamhráite, aon fhaisnéis, tairfead nó rud den sórt sin a thabhairt don Choimisinéir agus, más cuí, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine freastal os a chomhair nó os a comhair chun na críche sin, agus comhlíonfaidh an duine an ceanglas.”* Alt 22(1)(a)

Leagtar amach go reachtúil in Ailt 23-29 d' Acht na dTeangacha Oifigiúla an córas le himscrúduithe a sheoladh. Seoladh an t-imscrúdú ar an 17 Nollaig 2008 de réir an nós imeachta atá leagtha amach chuige seo in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Ba é an nós imeachta a bheartaigh mé don chéad chéim den imscrúdú ná litir a sheoladh chuig Príomhfheidhmeannach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag lorg eolais ar leith, freagraí ar cheisteanna ar leith, chomh maith le haon fhaisnéis, taifid, nó rud den sórt sin a bhain le hábhar an imscrúdaithe.

D'iarr mé go gcuirfí an t-eolas cuí sin ar fáil roimh nó ar an 21 Eanáir 2009 agus thairg mé deis ar shoiléiriú ar aon ghné de riaradh an imscrúdaithe trí theagmháil le m'Oifig. Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an cúram ar an Dr. Sean Conroy (Stiúrthóir, Oifig Réigiúnach Sláinte, Gaillimh) déileáil leis an imscrúdú thar ceann na heagraíochta agus soláthraíodh an t-eolas ar fad a d'iarr mé ar an 21 Eanáir 2009.

## CAIBIDIL 3

### Freagra Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

I litir dar dáta an 21 Eanáir 2009 atá mar **AGUISÍN B** leis an tuarascáil seo, ghlac Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) leis go raibh an dualgas reachtúil atá daingnithe i bhfo-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 á shárú i dtaca le Scéim Teanga Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéar an Iarthair:

*“Glacann muid leis nár comhlíonadh na gealltanais uilig a tugadh sa scéim i 2004.”*

Tugadh an míniú seo a leanas ar an sárú sin:

*“Faoi mar is eol duit is Bord Sláinte an Iarthair a d'aontaigh an scéim seo agus nuair a ghlac Bainistíocht an Bhoird sin leis ní fhéadfaí an todhchaí faoi mar a tharla, a shamhlú. Chuaigh rudaí ‘un gcúil go pointe áirithe nuair a nascadh na boird sláinte uilig faoi bhratach an FSS.”*

Míníodh freisin gur bunaíodh coiste réigiúnach le scéimeanna teanga Bhord Sláinte an Iarthair agus an Iarthuaiscirt (scéim nach raibh daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta) a chur i bhfeidhm. Cuireadh in iúl sa litir chéanna go bhfuil an cúlú á shárú de réir a chéile agus go bhfuiltear “*dóchasach gur i bhfeabhas a bheidh cúrsaí ag gabháil as seo amach.*”

Tugadh le fios don imscrúdú gur “*ceisteanna náisiúnta go leor de na tionscnamh a luaitear sa scéim ar nós an aonad riaracháin Gaeltachta agus is dá bharr sin a d'eascair an mhoill iad a chur i bhfeidhm go dtí seo.*”

Cé gur ghlac an Fheidhmeannacht leis go raibh fo-alt 18(1) sáraithe aici, thug sí rabhadh nach mór “*glacadh leis go mbeidh tionchar ag an ngéarchéim geilleagrach ina bhfuil an stáit faoi láthair ar fhorbairt na seirbhísí sláinte*”. Dúirt sí go mbeadh dea-fheidhmiú na scéime ag brath ar “*pholasaithe náisiúnta nua agus ar fhostaithe a athrú go rólanna nua*”.

Dearbhaíodh, áfach, go gcinnteofaí “*go dtabharfar aghaidh ar na dúshlán seo uilig, comh maith, sa scéim teanga náisiúnta atá idir lámhe ag an FSS agus go gcuirfear na beartais uilig atá i scéim FSS an Iarthair i bhfeidhm*”.

Mar aguisín don litir seo, tugadh tuairisc ar fheidhmiú scéim teanga Bhord Sláinte an Iarthair (BSI). Tuairiscíodh gur aontaigh foireann bhainistíochta an BSI an scéim sa bhliain 2005, ach gur bunaíodh an FSS ar an 1 Meán Fómhair sa bhliain sin, agus go raibh sé an-deacair a chur ina luí ar an eagraíocht nua go raibh ciallachais ag na gealltanais a tugadh sa scéim don eagraíocht ina iomláine. Tuairiscíodh chomh maith gur bunaíodh coiste feidhme réigiúnach faoi scáth an Stiúrthóra Acmhainní Daonna sa réigiún le linn na bliana 2006 le hiarracht a dhéanamh an scéim teanga a chur i bhfeidhm i réigiún an iarthair.

Rinneadh tagairt ghairid sa tuairisc seo ar gach mír den scéim, ina gceann agus ina gceann, a raibh amhras ann faoina chur i bhfeidhm agus tá an tuairisc sin ag **AGUISÍN C.**

### **Taifid**

Mar is gnáth in imscrúduithe den chineál seo, iarradh go soláthrófaí aon fhaisnéis, taifead nó rud den sórt sin a bhí i seilbh na heagraíochta agus a bhí bainteach le hábhar an imscrúdaithe, sa chás seo cur i bhfeidhm scéim teanga daingnithe na Feidhmeannachta do Limistéar an Iarthair.

Cuirfeadh mór-iomlán de cheithre fhilleán de cáipéisí éagsúla ar fáil don imscrúdú. Léirigh na cáipéisí saothar ollmhór riaracháin inmheánach a bhain le cúrsaí teanga, na céadta meamraim, ríomhphoist agus nótaí ar chruinnithe ach gan mórán de thoradh praiticiúil ar an obair sin.

Thairis aon ní eile, b'ábhar mór inní agus iontais don imscrúdú a fheiceáil, i bhfreagraí na heagraíochta agus sna taifid a soláthraíodh don imscrúdú, nár shocraigh an Fheidhmeannacht aon phoiblíocht seachtrach ar bith don scéim teanga. Bhí sé geallta sa scéim féin go n-eiseofaí preasráiteas agus go mbeadh seoladh oifigiúil i gceist. Ní léir gur cuireadh an scéim ar fáil fiú ar shuíomh gréasáin na Feidhmeannachta. Níor léir go ndearna an Fheidhmeannacht aon iarracht an pobal a chur ar an eolas go gníomhach faoi fhorálacha na scéime agus ba dheacair a thuiscint cén chúis a gceapfaí go n-éireodh le scéim den chineál seo nuair nár cuireadh an pobal a bhí le tairbhe a bhaint as ar an eolas gurbh ann dó ar chor ar bith.

## CAIBIDIL 4

### Osradharc ar an Imscrúdú

Agus dréacht-scéimeanna teanga faoi Ailt 11-13 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 á n-ullmhú ag comhlachtaí poiblí, bíonn deis ar leith acu na tosaíochtaí atá ag an eagraíocht féin a rianú maidir le forbairt a dhéanamh ar an raon seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge don phobal. Liostáiltear freisin sna dréacht-scéimeanna na seirbhísí sin atá ar fáil trí Ghaeilge nó go dátheangach cheana féin agus na cinn nach soláthrófar ach i mBéarla amhain.

Déantar na dréacht-scéimeanna a ullmhú tar éis do na heagraíochtaí dul i gcomhairle leis an bpobal agus le geallsealbhóirí eile. Is í an eagraíocht féin a shocraíonn céard gur féidir agus céard nach féidir léi a bhaint amach maidir le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge in aon scéim, de réir a hacmhainní agus na srianta éagsúla atá uirthi.

Nuair a dhaingníonn an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta scéim teanga d’eagraíocht, cuirtear bunús reachtúil faoin scéim. Níl aon bhealach nó chóras faoin reachtaíocht cúlú ó aon ghealltanais atá daingnithe sa scéim ón bpointe sin ar aghaidh.

Thuirgí ón méid sin go bhfuil dualgas ar chomhlacht poiblí aon ní atá daingnithe i scéim ag an Aire a fheidhmiú agus nár chóir míreanna nó gealltanais a thabhairt i scéim nach bhfuiltear cinnte gur féidir cloí leo nó a fheidhmiú.

Is léir anois nach mar sin a tharla sa chás seo.

Go deimhin, is léir go raibh fadhbanna ón tús le cur i bhfeidhm na scéime agus nár ghlac an eagraíocht nua, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freagracht as nó seilbh ar an scéim ó thús ama, d’ainneoin an dualgas reachtúil sin a bheith orthu.

Ba chosúil don imscrúdú seo gur chothaigh lárnú na gcumhachtaí i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte deacrachtaí suntasacha do chur i bhfeidhm na scéime. Ní léir gur socraíodh go cuí go mbeadh an t-údárás ná an chumhacht acu siúd a bhí i mbun na scéime na gealltanais a bhí tugtha inti a fheidhmiú mar ba chóir, agus go raibh neamhaird déanta ar chuid mhaith de na gealltanais a bhí tugtha, d’ainneoin, in amanna, iarrachtaí na n-oifigeach siúd na gealltanais a chur ar súile na foirne go náisiúnta.

Fiú nuair a díríodh aird ar chásanna ar leith trí ghearáin, imscrúduithe eile, iniúchadh agus tuairisc de chuid na hOifige seo ar chéad bliana feidhme na scéime, theip ar an bhFeidhmeannacht dul i ngleic go foirfe leis an scéim agus níor léir don imscrúdú gur thug an Fheidhmeannacht riamh faoin tionscnamh leis an dúthracht agus an díograis a theastaigh leis an scéim a chur i bhfeidhm ina iomláine.

Tugadh le fios don imscrúdú gur tionscnaimh náisiúnta a bhí i go leor de na tograí nár baineadh amach agus gur dá bharr sin go raibh moill ann iad a fheidhmiú. Dearbhaíodh go raibh tionchar ar chur i bhfeidhm na scéime ag “*p(h)olasaithe náisiúnta nua agus ar fhostaithe a athrú go rólanna nua*”. Luadh chomh maith go mbeadh tionchar ag

géarchéim eacnamaíochta na tíre ar chur i bhfeidhm na scéime amach anseo. Ní leor aon cheann nó fiú gach ceann acu sin le chéile mar leithscéal chun dualgas atá daingnithe go reachtúil a leasú, a mhaolú, a mhoilliú ná a chur ar ceal.

Cé gur admhaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nach raibh an scéim ina iomláine curtha i bhfeidhm acu agus go raibh sárú déanta acu ar fho-alt 18(1) den Acht dá bharr, thairg sí mar réiteach go gcuirfí na gealltanais sin nach raibh bainte amach aici i bhfeidhm i gcomhthéacs scéim nua de chuid na Feidhmeannachta atá faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi láthair le daingniú. Cé nach bhfuil an scéim sin feicthe ag an imscrúdú seo ós rud é nach gnó don Oifig seo an próiseas aontaithe scéime, ní féidir glacadh leis go gcuirfí gealltanais i scéim reachtúil ar athló go dtí go dtiocfadh an chéad scéim eile i bhfeidhm. Bheadh a leithéid de shocrú glan in éadan na reachtaíochta, mar atá sé leagtha amach go gcaithfidh gach scéim nua tógáil ar an méid atá curtha i gcrích sna scéimeanna roimhe sin. Ní féidir míreanna áirithe de scéimeanna nach bhfuil curtha i bhfeidhm a thabhairt ar aghaidh ó scéim amháin go dtí an chéad scéim eile ag deireadh na tréimhse trí bliana.

Ar an mbunús sin, ní fheictear don imscrúdú seo go bhfuil de rogha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ach an scéim teanga atá daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta do Limistéar an Iarthair ón mbliain 2005 a fheidhmiú ina iomláine anois.

## CAIBIDIL 5

### Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí

Tá dualgas ar an gCoimisinéir Teanga in aon chás ina sheolfaidh sé imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéantar gearán leis an gCoimisinéir, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadfaidh sé aon mholtaí is cuí leis ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

### Fionnachtain an Imscrúdaithe

Is í seo a leanas fionnachtain an imscrúdaithe –

- Go bhfuil sárú déanta agus á dhéanamh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an dualgas reachtúil atá daingnithe i bhfo-alt 18(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i dtaca le gealltanais áirithe de Scéim Teanga Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéar an Iarthair.

### Moltaí an Imscrúdaithe

Ag féachaint don imscrúdú is iad seo a leanas na moltaí atá á ndéanamh agam mar Choimisinéir Teanga –

1. Go mbunóidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte grúpa ardleibhéil láithreach d’fhoireann na heagraíochta le tabhairt faoi fhorfheidhmiú na scéime teanga ina iomláine mar atá daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta. Ní mór go mbeadh gach cumhacht, gach údarás agus gach acmhainn riachtanach tugtha don ghrúpa ardleibhéil seo leis an scéim teanga a fhorfheidhmiú go hiomlán agus go críochnúil sa tréimhse ama is lú.
2. Go leagfaidh an grúpa seo amach plean fhorfheidhmithe cuimsitheach a luaithe agus is féidir ach laistigh de 6 seachtaine ó dháta na tuarascála seo a chinnteoidh córas le gach gealltanais sa scéim a chur i gcrích ina iomláine gan a thuilleadh moille.
3. Go gcuirfear cóip den plean fhorfheidhmithe dá dtagraítear i moladh 2 thuas ar fáil dom mar Choimisinéir Teanga a luaithe agus a ullmhaítear í.
4. Go gcuirfidh an grúpa ardleibhéil, a mbeidh forfheidhmiú na scéime teanga faoina gcúram, tuairisc – mar mheamram gairid eolais – chugam mar Choimisinéir Teanga i ndeireadh gach tréimhse 6 seachtaine le gur féidir liom tuiscint a fháil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh.

5. Go gcinnteofar go mbeidh gach gealltanais sa scéim teanga curtha i bhfeidhm a luaithe agus is féidir ach laistigh de 6 mhí ó dháta na tuarascála seo ar a dheireanaí.



## CAIBIDIL 6

### Achomhairc chuig an Ard-Chúirt

Meabhraítear anseo go bhfuil sé de cheart ag páirtí in imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, nó ag aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdaithe den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Is ceart a thabhairt faoi deara gur gá achomharc a thionscnamh tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc. Féach freisin IR 14 de 2007.

Seo a leanas mar atá na forálacha sin d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Alt 28(1)

*“Féadfaidh páirtí in imscrúdú faoin Acht seo nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh.”*

Alt 28(2)

*“Déanfar achomharc faoi fho-alt (1) a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc.”*

Alt 28(3)(a)

*“I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoin alt seo ag duine, seachas ag ceann, a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nó iad go léir, a íoc.”*

Alt 28(3)(b)

*“Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine, seachas ceann, i ndáil le tarchur faoin alt seo, nó iad go léir, a íoc.”*

Alt 28(4)

*“Maidir le cinneadh ón Ard-Chúirt tar éis achomhairc faoi fho-alt (1), sonrúfar ann, i gcás inar cuí sin, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh.”*

## **CAIBIDIL 7**

### **Tuairimí á Lorg**

Faoi fho-alt 26(4) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, iarraim mar Choimisinéir Teanga ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte aon tuairimí a bheadh ag an bhFeidhmeannacht maidir le fionnachtana agus moltaí atá ar áireamh sa tuarascáil seo a chur faoi mo bhráid laistigh de thréimhse 6 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí atá sa tuarascáil a bheith faighte ag an bhFeidhmeannacht.

---

Seán Ó Cuirreáin  
An Coimisinéir Teanga

Dáta: \_\_\_\_\_

# **APPENDIX B**

# **Tuarascáil faoi alt 26 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar**

**Imscrúdú faoi fho-alt 21(c) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

**IM-684D**

## **Ábhar an Imscrúdaithe**

Ar sháraigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) na dualgais reachtúla teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 sna cásanna seo a leanas?

- (1) Fo-alt 9(1) den Acht i gcás chomharthaí maidir le fliú na muc a sholáthar i mBéarla amháin le cur in airde ag comhlachtaí poiblí;
- (2) Fo-alt 9(3) den Acht i gcás chumarsáid i scríbhinn a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme trí chor poist i mBéarla amháin a eisiúint maidir le fliú na muc.

## **CLÁR**

<b>CAIBIDIL 1 – Cúlra</b>	<b>lch 3</b>
<b>CAIBIDIL 2 – An tImscrúdú</b>	<b>lch 6</b>
<b>CAIBIDIL 3 – Cás Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte</b>	<b>lch 7</b>
<b>CAIBIDIL 4 – Osradharc Ginearálta ar an Imscrúdú</b>	<b>lch 9</b>
<b>CAIBIDIL 5 – Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí</b>	<b>lch 14</b>
<b>CAIBIDIL 6 – Achomhairc chuig an Ard-Chúirt</b>	<b>lch 16</b>
<b>CAIBIDIL 7 – Tuairimí á Lorg</b>	<b>lch 17</b>

## **AGUISÍN A**

## CAIBIDIL 1

### Cúlra

Rinneadh gearán le m’Oifig i mí Bhealtaine 2009 gur sholáthair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte comharthaí maidir le fliú na muc do chomhlachtaí poiblí le cur in airde in aerfoirt, i gcalafoirt agus in ospidéal i measc áiteanna eile agus gur i mBéarla amháin a bhí na comharthaí sin.

Anuas air sin, rinneadh líon suntasach gearáin le m’Oifig gur scaip an FSS cumarsáid i bhfoirm leabhrán faisnéise dar teideal *Influenza A(H1N1)* i mBéarla amháin i mí Bhealtaine 2009 ar an bpobal i gcoitinne le faisnéis a thabhairt maidir le fliú na muc.

Go bunúsach, theastaigh uaim de thoradh an imscrúdaithe seo a bheith ábalta cinneadh a dhéanamh ar sháraigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na dualgais teanga atá daingnithe faoi fho-ailt 9(1) agus 9(3) den Acht sna cásanna seo.

Leagann na Rialacháin (I.R. 391 de 2008) atá daingnithe faoi fho-alt 9(1) den Acht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san áireamh, comharthaí a chur in airde i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla.

Seo a leanas mar atá an mhír sin den Acht:

Fo-alt 9(1): “*Féadfaidh an tAire, le rialacháin, a fhoráil gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a mhéid a bheidh sonraithe, a bheidh ...ábhar agus leagan amach aon chomharthaí ...*”.

Tá na Rialacháin a bhaineann le hábhar daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus i bhfeidhm d’aon chomharthaí nua le héifeacht ón 1 Márta 2009. Is mar seo a leanas atá an mhír chuí faoi na Rialacháin:

*“Comharthaí*

*6. (1) Faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo, maidir le haon chomhartha a chuireann comhlacht poiblí in airde, nó a chuirtear in airde thar ceann aon chomhlachta phoiblí, in aon suíomh—*

*(a) sa Stát, nó*

*(b) ach amháin i gcás comhlachta forfheidhmithe, lasmuigh den Stát*

*is i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh sé.*

*(2) I gcás ina mbeartaíonn comhlacht poiblí comhartha a shuíomh i nGaeilge agus i mBéarla in aon suíomh agus go bhfuil sé den tuairim, de thoradh téacs sa dá theanga sin a bheith ann—*

*(a) go mbeadh sé rómhór,*

*(b) go mbeadh sé deacair é a léamh,*

*(c) gur dhócha go mbeadh sé ina chúis is le bacainn, nó*

*(d) gur dhócha go mbeadh daoine, le linn é a léamh, ina mbaol dóibh féin nó do dhaoine eile (i gcás ina mbeartófaí comhartha a chur in airde ar thaobh bóthair nó gar do bhóthar),*

*féadfaidh an comhlacht, ina ionad sin, 2 chomhartha a shuíomh ag an suíomh sin, agus an fhaisnéis lena mbaineann a bheith i nGaeilge ar cheann amháin díobh agus an fhaisnéis lena mbaineann a bheith i mBéarla ar an gceann eile.*

*(3) Faoi réir na Rialachán seo, i gcás ina mbeartaíonn comhlacht poiblí líon nach lú ná 20 comhartha comhionann a chur in airde—*

*(a) beidh an téacs ar gach comhartha i nGaeilge,*

*(b) soláthrófar an fhaisnéis chéanna ar gach comhartha, i nGaeilge agus i mBéarla araon, nó*

*(c) déanfar 2 chomhartha a chur in airde agus soláthrófar an fhaisnéis chéanna orthu agus beidh an téacs i nGaeilge amháin ar an gcéad comhartha díobh sin a fheicfear agus beidh an téacs i mBéarla amháin ar an gceann eile.”*

Leagann fo-alt 9(3) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 dualgas ar chomhlachtaí poiblí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san áireamh, a chinntiú gur i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge a dhéantar aon chumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne, más chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme atá an chumarsáid sin.

Seo a leanas mar atá an mhír sin den Acht:

Fo-alt 9(3): *“I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid.”*

Toisc go raibh a mhacasamhail de cheist tarraingthe anuas ag m’Oifig ar bhonn neamhfhoirmiúil i gcásanna eile leis an bhFeidhmeannacht, chinn mé go raibh sé riachtanach imscrúdú foirmiúil a thionscnamh sa chás seo.

Sa chás is go dtagann sé chun solais go bhféadfadh sé nach raibh nó nach bhfuil forálacha áirithe de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla á gcomhlíonadh ag comhlacht poiblí, tá údarás agus cumhachtaí tugtha dom faoi ailt 21-29 den Acht sin le himscrúdú a dhéanamh ar an gcás. Bheartaigh mé tabhairt faoi imscrúdú sa chás ar mo thionscnamh féin de bharr na ndualgas atá orm faoi fho-ailt 21(a) agus 21(b) den Acht agus mar a cheadaítear dom faoi fho-alt 21(c) den Acht agus de bharr na ngearán a bhí déanta liom.

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina seolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an

chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid na ngearánach, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe. Féadaim aon mholadh is cuí ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil sin.

Tugadh aird chuí ar a raibh le rá ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in ullmhú leagan críochnaitheach den tuarascáil.

### **Comhoibriú**

Cuireadh an t-eolas, faisnéis agus eile ar fad a bhí iarrtha san imscrúdú ar fáil go críochnúil agus go gairmiúil dom.

Is mór agam an comhoibriú a thug Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dom le linn an phróisis imscrúdaithe.



## CAIBIDIL 2

### An tImscrúdú

Bheartaigh mé imscrúdú a sheoladh ar an 13 Bealtaine 2009 de réir an nós imeachta atá leagtha amach chuige seo in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Theastaigh uaim a chur ó amhras gur sháraigh nó nár sháraigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe i bhfo-ailt 9(1) agus 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla i gcás inar sholáthair an Fheidhmeannacht comharthaí maidir le fliú na muc do chomhlachtaí poiblí le cur in airde in aerfoirt, i gcalafoirt agus in ospidéal i measc áiteanna eile agus gur i mBéarla amháin a bhí na comharthaí sin agus i gcás gur scaip an Fheidhmeannacht cumarsáid i bhfoirm leabhráin faisnéise dar teideal *Influenza A(H1N1)* i mBéarla amháin i mí Bhealtaine 2009 ar an bpobal i gcoitinne le faisnéis a thabhairt maidir le fliú na muc.

Ba é an nós imeachta a bheartaigh mé don chéad chéim den imscrúdú ná litir a sheoladh chuig Príomhfheidhmeannach an chomhlachta phoiblí ag lorg eolais ar leith, freagraí ar cheisteanna ar leith chomh maith le haon fhaisnéis, taifid, nó rud den sórt sin a bhain le hábhar an imscrúdaithe.

D'iarr mé go gcuirfí an t-eolas cuí sin ar fáil roimh nó ar an 3 Meitheamh 2009 agus thairg mé deis ar shoiléiriú ar aon ghné de riaradh an imscrúdaithe trí theagmháil le m'Oifig.

I litir dar dáta an 3 Meitheamh 2009, thug Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freagra ar na ceisteanna a bhí tarraingthe anuas agam. Tá an chumarsáid sin mar AGUISÍN A leis an tuarascáil seo.

## CAIBIDIL 3

### Cás Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Sa fhreagra den 3 Meitheamh 2009 ón bhFeidhmeannacht, atá mar AGUISÍN A leis an tuarascáil seo, tugadh eolas faoin gcúlra a bhain leis an imscrúdú seo:

*“Faoi mar is eol duit d’eisigh an Eagraíocht Sláinte Domhanda foláireamh ar an 24 Bealtaine 2009 chuig gach tír sa domhain go raibh cineál nua de fliú na muc ag scaipeadh i Meicsiceo agus sna Stáit Aontaithe. Ar an 28 Bealtaine, d’athraigh an ESD an foláireamh go dtí Céim 5, a chiallaigh go bhféadfadh paindéimeach fliú a bheith ar thairseach an dorais.”*

Ghlac an Fheidhmeannacht leis gur léir gur sháraigh sí fo-alt 9(3) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla sa chás seo i dtaca le heisiúint leabhráin faisnéise i mBéarla amháin. Thug an Fheidhmeannacht le fios gur bhain “cúinsí neamhghnách agus ar leith” leis an leabhrán faisnéise a eisíodh mar chéad fhreagra ar an mbagairt domhanda faoin bpaindéimeach fliú. Is de bharr éigeandáil a bheith ann nár eisíodh leagan Gaeilge den leabhrán faisnéise, de réir na tuairisce ón bhFeidhmeannacht:

*“Fógraíodh gur éigeandáil sláinte pobail náisiúnta a bhí ann an tseachtain dar tús 28 Aibreán 2009 agus dá bharr bhí eolas a bhí ag teastáil ón phobal agus ó ghairmithe sláinte le foilsíú agus le scaipeadh in achar ama an-ghearr. Is an Fhoireann Náisiúnta Sláinte Pobail éigeandála ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus atá faoi comhchathaoirleacht Rúnaí Ginearálta an RS&L agus Príomhfheidhmeannach an FSS, a rinneadh an chinneadh.*

*Ar an drochuair, de bharr an achar ama gearr a bhí ar fáil le heolas sláinte pobail agus comhairle leighis a scaipeadh ar phobal na hÉireann le linn seachtain tosaigh na héigeandála náisiúnta Sláinte Pobail, ní raibh an t-am ann leis an ábhar a aistriú go Gaeilge. Ina theannta sin dá gcuirfidh leagan dátheangach ar fáil chiallóidh sé go mbeadh an cháipéis méadaithe faoi dhó, rud a chuirfeadh as do chlóbhuaileadh agus scaipeadh an cháipéis chomh sciobtha agus a b’fhéidir.”*

Mar mhíniú sonrath ar an sárú reachtúil, dúirt an Fheidhmeannacht:

*“Faoi mar a soiléiríodh níos mine inár litir, ba é an chúis ná an phráinn a bhain leis an teachtaireacht agus an dualgas a bhí ann comhairle sláinte pobail thábhachtach a scaipeadh in achar an-ghearr.”*

Maidir leis an gceist faoin gcomharthaíocht, níor thug an Fheidhmeannacht freagra ar cheist an imscrúdaithe maidir le sárú reachtúil ach dúirt sí go raibh comhairle an Choimisinéara Teanga de dhíth uirthi maidir leis an gceist seo. Mar mhíniú ar an seasamh sin, bhí an méid seo le rá ag an bhFeidhmeannacht:

*“Baineann an rialachán a luaitear anseo le comharthaíocht, stáiseanáireacht agus fógraíocht, agus níor mheas an FSS gur bhain an reachtaíocht seo le foilsíú póstaer eolais pobail faoin bhfliú. Bheadh fáilte roimh chomhairle an Choimisinéara faoinár*

*ndualgais faoin Acht maidir le póstaer a úsáidtear go forleathan sa gcóras sláinte, mar thagairt sa todhchaí.”*

Ghlac an Fheidhmeannacht leis go hiomlán gur theip uirthi “*a chinntiú gur scaipeadh an bhileog eolais faoin bhFlíú A (H1N1) ar líon tí sa stáit ach i mBéarla amháin*” agus gur sháraigh sí a dualgas faoi Acht na Teangacha Oifigiúla ina leith sin. Thug an Fheidhmeannacht le fios gur trua léi gur tharla sé sin. Cuireadh in iúl don imscrúdú go bhfuil an t-ábhar ar fad aistrithe go Gaeilge anois agus go bhfuil fáil air ar a suíomh gréasáin - [www.hse.ie](http://www.hse.ie).

Mar fhocal scoir, thug an Fheidhmeannacht le fios go ndéanfaidís “*gach iarracht a chinntiú go gcomhlíonfar ár ndualgais maidir le bileoga eolais i nGaeilge agus i mBéarla araon, mar chuid dár bpleanáil teagmhasach agus muid ag tabhairt aghaidh ar athfhillleadh an fliú nó méadú sa mbagairt paindéimeach ón bhfliú.*” Cuireadh cóip ar fáil don imscrúdú den leabhrán faisnéise i nGaeilge.

## CAIBIDIL 4

### Osradharc Ginearálta ar an Imscrúdú

Is comhlacht poiblí í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun críche Acht na dTeangacha Oifigiúla mar go bhfuil sí liostaithe chuige sin sa Chéad Sceideal den Acht faoin Ionstraim Reachtúil I.R.150 de 2006. Dá réir sin, tá dualgas ar an bhFeidhmeannacht cloí le forálacha reachtúla an Achta.

Níl aon amhras ar bith faoi chomh tromchúiseach agus a bhí an fhreagracht ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dul i ngleic ar bhonn práinne leis an “éigeandáil náisiúnta sláinte pobail” a d’eascair as fliú na muc.

Ní fheictear don imscrúdú go mbeadh oiread agus duine amháin ar cás leo cosaint agus cur chun cinn na Gaeilge a roghnódh beatha daoine a chur i mbaol le linn éigeandála náisiúnta sláinte pobail chun a gcearta teanga a chosaint. Gan beatha agus sláinte ní ann d’aon teanga. An cheist a thagann chun cinn san imscrúdú seo ná an raibh coimhlínt dáiríre idir na dualgais tromchúiseach náisiúnta a tháinig ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in am na práinne agus dualgais i dtaca le cearta teanga? An gcabhródh beartais phleanála réamhghníomhacha le fadhbanna teanga a sheachaint? An ndéanfaí rogha i ndlínsí dátheangach eile, in áiteanna ina raibh níos mó ná aon teanga oifigiúil amháin, gan faisnéis thábhachtach a sholáthar don phobal i gcoitinne ach i gceann amháin de na teangacha sin?

I gcás rogha teanga phobal na Gaeltachta, bhí an t-imscrúdú eolach ar thorthaí suirbhé a choimisiúnaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte féin ón gcomhlacht Ipsos Mori i mí Dheireadh Fómhair 2007 sna príomh cheantair Gaeltachta a léirigh go roghnódh 84% den phobal sin seirbhísí sláinte trí Ghaeilge dá mbeadh na seirbhísí sin ar fáil ar chomhchéim agus ar chomhleibhéal leis na seirbhísí céanna i mBéarla. Léirigh an taighde céanna sin go raibh 75% den phobal Gaeltachta sin a dúirt gur fearr a d’fhéadadís cúinsí sláinte a phlé trí Ghaeilge seachas trí Bhéarla. Mhaigh údair na taighde féin gur léirigh sin go raibh ceisteanna le freagairt faoi “*cothromas rochtana ar sheirbhís sláinte d’ard chaighdeán á thairiscint do lucht labhartha na Gaeilge.*”

Is léir go mbaineann an t-imscrúdú seo le comharthaíocht faoi fho-alt 9(1) den Acht agus le heisiúint leabhráin faisnéise faoi fho-alt 9(3) den Acht.

#### Fo-alt 9(1) den Acht

Baineann fo-alt 9(1) den Acht leis na Rialacháin maidir le comharthaíocht:  
“*Féadfaidh an tAire, le rialacháin, a fhoráil gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a mhéid a bheidh sonraithe, a bheidh...ábhar agus leagan amach aon chomharthaí ...*”.

Tá na Rialacháin seo daingnithe ag an Aire ó mhí Dheireadh Fómhair 2008 (I.R. 391 de 2008) agus tá éifeacht leo i dtaca le comharthaí nua ón 1 Márta 2009.

Cé go bhfuil an chosúlacht air gur ghlac an Fheidhmeannacht leis go bhfuil dualgas uirthi i leith comharthaíochta, lorg sí soiléiriú ón imscrúdú maidir le sainmhíniú ar chomharthaí sa chomhthéacs seo mar nár mheas an Fheidhmeannacht gur bhain na Rialacháin “*le foilsíú póstaer eolais faoin bhfliú*”.

Ar an gcéad dul síos, is fiú a áireamh nach bhfuil aon sainmhíniú tugtha ar an bhfocal “comhartha” faoi na Rialacháin. Nuair nach dtugtar sainmhíniú ar leith san achtachán féin, is í an riail fhorléirithe dhlíthiúil ná go bhféachtar ar an gcomhthéacs iomlán ina bhfuil an fhoclaíocht in úsáid agus ar ghnáthbhrí na bhfocal.

Is léir gurb ionann comhartha agus eolas atá curtha ar taispeáint. Cuimsíonn an téarma na cineálacha comharthaí seo a leanas, cé go bhféadfadh cineálacha eile a bheith i gceist freisin: comhartha rabhaidh, comhartha eolais, comhartha teagascach, comhartha treo, comhartha sainordaitheach, comhartha éigeandála, comhartha coiscithe, comhartha guaise nó priacail, comhartha sábháilteachta, comhartha lasta, comhartha leictreonach.

Maidir leis an “bpóstaer” atá faoi chaibidil san imscrúdú seo, is é seasamh an imscrúdaithe ná nach gá gur comhartha é gach “póstaer” faoi na Rialacháin ach gur féidir le “póstaer” feidhmiú mar chomhartha i gcúinsí áirithe. Feictear dom gur amhlaidh atá sa chás áirithe seo, áit gur léir gur comhartha rabhaidh nó eolais atá i gceist le teachtaireacht soiléir a thabhairt don phobal ag aerfoirt, calafoirt, ospidéal agus eile. Is léir go bhfuil an comhartha in úsáid le foláireamh agus eolas maidir le fliú na muc a thabhairt dóibh siúd atá ag teacht isteach sa tír nó atá ar cuairt ar ospidéal. Ní hionann é agus póstaer a bheadh in úsáid mar fhógraíocht nó mar phoiblíocht. Dá bhrí sin, tagann an comhartha atá faoi chaibidil san imscrúdú seo faoi scáth na ndualgas reachtúil teanga sna Rialacháin.

#### Fo-alt 9(3) den Acht

Baineann fo-alt 9(3) den Acht le heisiúint cumarsáid áirithe:

*“I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid.”*

Is féidir an cás a dhéanamh go bhfuil ceithre ghné éagsúil ag baint le fo-alt 9(3) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus gur cheart aon chumarsáid atá beartaithe a mheas faoi na slata tomhais sin féachaint an dtagann nó nach dtagann sé faoi scáth an fho-ailt seo. Seo a leanas na slata tomhais sin:

- An comhlacht poiblí faoin Acht atá i mbun na cumarsáide?
- An bhfuil an chumarsáid á déanamh i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach?
- An cumarsáid í a bhfuil sé mar sprioc aici faisnéis a thabhairt?
- An leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne atá an chumarsáid?

Má shásaíonn cumarsáid áirithe gach ceann de na slata tomhais sin, bheadh an chosúlacht ar chúrsaí go sásaíonn sí gach critéar lena tabhairt faoi fhorálacha fho-ailt 9(3) agus ba

cheart go mbeadh sí á dhéanamh i nGaeilge nó go dátheangach. Níl aon fhoráil ann lena leithéid a eisiúint i mBéarla amháin.

Mura sásaíonn an chumarsáid atá beartaithe aon cheann amháin nó níos mó de na slata tomhais thuasluaite, dealraíonn sé nach mbeadh sí san áireamh faoi fho-alt 9(3).

Is é tuairim an imscrúdaithe gur shásaigh an chumarsáid a bhí faoi chaibidil sa chás seo na slata tomhais ar fad thuasluaite agus tar éis di an scéal a chíoradh, is léir gur aontaigh an Fheidhmeannacht leis an méid sin.

Feictear dom ón gcás atá curtha i láthair an imscrúdaithe ag an bhFeidhmeannacht gur de bharr éigeandála agus míthuiscint ar fhorálacha an Achta a d'fhág gur i mBéarla amháin a scaipeadh an chumarsáid atá i gceist anseo ar an bpobal i gcoitinne.

Is léir ón imscrúdú go raibh an Fheidhmeannacht den tuairim go bhfuil díolúine ar fáil ón reachtaíocht i gcásanna áirithe, ach go háirithe cásanna éigeandála. Ní ghlacann an t-imscrúdú leis, áfach, go bhfuil fáil ar a leithéid de dhíolúine. Níl aon díolúine luaite faoi fho-alt 9(3) den Acht murab is faoi na Rialacháin, áit a bhfuil go leor díolúintí éagsúla tugtha.

Anuas air sin, tá cás á dhéanamh ag an bhFeidhmeannacht nach raibh dóthain ama aici aistriúchán a dhéanamh ar an ábhar de bharr an achair ghairid ama a bhí i gceist. Ní ghlacann an t-imscrúdú leis an seasamh sin. Ní raibh ach 1,132 focal ar fad sa leabhrán faisnéise. Tuigtear dom, ó aistritheoirí gairmiúla, nach dtógfadh aistriúchán ar an líon sin focail ach líon teoranta uaireanta a chloig. Samhlaítear nach mbeadh ach costas aistriúcháin idir €120 agus €200 i gceist ina iomláine. Sa bhreis air sin, bheadh an tréimhse ama níos giorra fós dá mbeadh an obair aistriúcháin roinnte ar fhoireann aistritheoirí, abair i gcomhlacht aistriúcháin. Ní féidir an cás a dhéanamh go gcuirfeadh a leithéid aon mhoill suntasach ar an tionscadal nuair is tréimhsí d'uaireanta an chloig atá i gceist. Agus i gcás “éigeandála náisiúnta”, níl aon amhras ar bith orm ach nach dteipfeadh ar aistritheoirí gairmiúla, a bhfuil séala creidiúnaithe oifigiúil bronnta orthu, teacht i gcabhair ar eilimint de státchóras na tíre seo agus an obair seo a dhéanamh go críochnúil agus go gairmiúil ar iompú boise.

Is léir gur caitheadh am ag plé le dearadh an leabhráin faisnéise, d'ainneoin na héigeandála. Má bhí dóthain ama ag an bhFeidhmeannacht leis an leabhrán faisnéise a dhearadh, cén fáth nach raibh dóthain ama aici chun an leabhrán a aistriú go Gaeilge chun cloí lena dualgais reachtúla teanga?

Agus fiú dá mbeadh bunús leis an teoiric go gcuirfeadh soláthar leagain Ghaeilge den leabhrán faisnéise moill ar scaipeadh an leabhráin, is léir nár bheartaigh an Fheidhmeannacht leagan Gaeilge a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne ag tráth níos déanaí, is é sin tar éis an leagan Béarla a bheith eisithe. Cé go n-éilíonn an fhoráil reachtúil gur i nGaeilge nó go dátheangach a dhéanfaí an cineál seo cumarsáide, bheadh cinneadh an leagan Gaeilge a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne a luaithe agus ab fhéidir tar éis an leagan Béarla ina mhaolú éigin ar an sárú reachtúil.

Glactar leis go mbíonn réamhphleanáil déanta le dul i ngleic leis na dúshláin a bhainfeadh le déileáil le héigeandáil náisiúnta sláinte poiblí: is léir gur cheart go mbeadh an réamhphleanáil chéanna déanta le déileáil leis na toisí teanga a bhainfeadh le feachtas cumarsáide nó faisnéise dá leithéid.

Rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cás chomh maith go mbeadh an leabhrán faisnéise méadaithe faoi dhó dá gcuirfí leagan dátheangach ar fáil agus go dtógfadh sé níos mó ama é a chlóbhuaileadh agus a scaipeadh dá bharr sin. Arís, ní féidir liom glacadh leis gur gá gur mar sin a bheadh. Is ceist deartha a bheadh ann cé chomh mór agus a bheadh an leabhrán – go deimhin, d’fhéadfaí an t-eolas i gcás éigeandála náisiúnta a eisiúint, fiú, i bhfoirm litreach dá gceapfaí sin a bheith cuí.

Ar chomhlachtaí poiblí féin amháin atá an dualgas a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas agus cothrom le dáta faoina ndualgais reachtúla faoin dlí agus go bhfeidhmíonn siad dá réir. Anuas air sin, bhí comhairle tugtha ag an Oifig seo don Fheidhmeannacht ag amanna éagsúla maidir le cásanna comhchosúla eile go raibh an chosúlacht ar an scéal go dtiocfadh a leithéid de chumarsáid faoi fho-alt 9(3) den Acht. Sa chomhthéacs seo, tugaim suntas don chaoi inar sholáthair an Fheidhmeannacht leagan Gaeilge den leabhrán faisnéise ar a suíomh gréasáin tar éis don Oifig seo an t-imscrúdú seo a thionscnamh.

Is léir dom go bhfuil sé ró-mhall anois agus nach mbeadh sé chun leas an phobail ná an státchórais ag an tráth seo, ag féachaint do thosca iomlána an cháis, leagan Gaeilge den chumarsáid seo a dháileadh ar an aicme den phobal i gcoitinne chun an dochar a rinne an sárú ar dhualgais reachtúla a chealú nó a laghdú. Ní fhéadfadh an cur chuige seo a bheith mar fhasach, áfach, dá dtarlódh sárú den chineál céanna arís ar an bhforáil i bhfo-alt 9(3) den Acht.

## **CAIBIDIL 5**

### **Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí**

Tá dualgas ar an gCoimisinéir Teanga in aon chás ina seolfaidh sé imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéanfar gearán leis an gCoimisinéir, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadfaidh sé aon mholtaí is cuí leis ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

### **Fionnachtain an Imscrúdaithe**

Is í seo a leanas fionnachtain an imscrúdaithe:

Gur sháraigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na dualgais reachtúla teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 sna cásanna seo a leanas:

- (1) Fo-alt 9(1) den Acht i gcás chomharthaí maidir le fliú na muc a sholáthar i mBéarla amháin le cur in airde ag comhlachtaí poiblí;
- (2) Fo-alt 9(3) den Acht i gcás chumarsáid i scríbhinn a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme trí chor poist i mBéarla amháin a eisiúint maidir le fliú na muc.

### **Moltaí an Imscrúdaithe**

Ag féachaint don imscrúdú, is iad seo a leanas na moltaí atá á ndéanamh agam mar Choimisinéir Teanga:

- Go dtógfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gach céim chuí le cinntiú go bhfuil sí ar an eolas faoina dualgais reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus go gcomhlíonfaidh sí go hiomlán agus go cuí forálacha an Achta feasta.
- Go gcinnteoidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sa chás go ndéanann sí cumarsáid i scríbhinn leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne feasta chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme go mbeidh an chumarsáid sin déanta go dátheangach (i mBéarla agus i nGaeilge) mura bhfuil sí i nGaeilge ar fad.
- Go gcinnteoidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sa chás go gcuirtear comharthaí in airde go bhfuil na comharthaí sin ag cloí leis na Rialacháin faoi fho-alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla.
- Go seolfaidh bainistíocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte meamram eolais (i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach) laistigh de 6 seachtaine ó dháta na tuarascála seo chuig baill foirne sin na heagraíochta a d'fhéadfadh a bheith freagrach feasta as:



(1) cumarsáid i scríbhinn a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme agus/nó

(2) comharthaí a chur in airde

agus go ndeimhneofar an méid seo sa mheamram eolais sin don dá ghrúpa thuasluaite:

- Go bhfuil fionnachtain déanta ag an imscrúdú seo gur sháraigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a dualgas reachtúil faoi fho-ailt (1) agus 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 sa chás seo;
- Go bhfuil sé mar dhualgas ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chinntiú nach ligfear dá leithéid de shárú tarlú arís.
- Go gcuirfeadh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leagan Gaeilge den chomhartha rabhaidh/eolais faoi fliú na muc ar fáil d'údaráis na n-ionad cuí, aerfoirt, calafoirt, ospidéal agus áiteanna eile agus go n-iarrfaí orthu iad a chur in airde i dteannta leis na comharthaí Béarla agus de réir na rialacháin cuí faoin Acht.

## CAIBIDIL 6

### Achomhairc chuig an Ard-Chúirt

Meabhraítear anseo go bhfuil sé de cheart ag páirtí in imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, nó ag aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdaithe den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Is ceart a thabhairt faoi deara gur gá achomharc a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc. Féach freisin I.R. 14 de 2007.

Seo a leanas mar atá na forálacha sin d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Fo-alt 28(1)

*Féadfaidh páirtí in imscrúdú faoin Acht seo nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh.*

Fo-alt 28(2)

*Déanfar achomharc faoi fho-alt (1) a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc.*

Fo-alt 28(3)(a)

*I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoin alt seo ag duine, seachas ag ceann, a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nó iad go léir, a íoc.*

Fo-alt 28(3)(b)

*Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine, seachas ceann, i ndáil le tarchur faoin alt seo, nó iad go léir, a íoc.*

Fo-alt 28(4)

*Maidir le cinneadh ón Ard-Chúirt tar éis achomhairc faoi fho-alt (1), sonrúfar ann, i gcás inar cuí sin, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh.*

## **CAIBIDIL 7**

### **Tuairimí á Lorg**

Faoi fho-alt 26(4) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, iarraim mar Choimisinéir Teanga ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte aon tuairimí a bheadh aici maidir le fionnachtana agus moltaí atá ar áireamh sa tuarascáil seo a chur faoi mo bhráid laistigh de thréimhse 6 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí atá sa tuarascáil a bheith faighte ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

---

Seán Ó Cuirreáin  
An Coimisinéir Teanga

Dáta: \_\_\_\_\_

# **APPENDIX C**



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Health Service Executive

Oifig Sláinte  
Réigiúnach,  
FSS Iarthar  
Páirc Mheirlinne  
Gaillimh

Regional Health Office Galway,  
HSE West,  
Merlin Park Hospital  
Galway  
Teil/Tel 091775262  
Faics/Fax 091 771318

Seán Ó Cuirreáin, Uasal  
An Coimisinéir Teanga  
Oifig an Choimisinéara Teanga  
An Spidéal  
Co na Gaillimhe

22 Bealtaine 2009

**Re: Moltaí an Imscrúduithe IM-684C**

A Sheáin, a chara,

Déanaim tagairt den gcomhfhreagras uait le déanaí chuig an tOllamh Brendan Drumm, maidir leis na moltaí a rinne tú i Imscrúdú IM-648C. D'iarr an tOllamh Drumm orm a chur in iúl duit go bhfuil na moltaí seo, measta ina iomláine anois agus go mbeidh na príomh athruithe naisiúnta agus réigiúnacha curtha i gcrích, faoin gClár um Chomhtháthú Seirbhíse fá mí Eanáir 2010, agus go mbeidh domholtaí maidir le soláthar seirbhíse an FSS as Gaeilge, curtha i bhfeidhm fán am sin.

Le dea-mhéin,

*Seán Conroy*

Dr Seán Conroy 086-2616046  
Stiúrthóir Oifig Sláinte Réigiúnach  
FSS Iarthar 091-775262

CC An tOllamh Brendan Drumm, Príomhfheidhmeannach  
Seán McGrath, Stiúrthóir Náisiúnta, Achmhainní Daonna

# **APPENDIX D**



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Health Service Executive

Oifig an Stiúrthóra Náisiúnta, Acmhainní Daonna  
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Ospidéal Dr. Steevens  
Baile Átha Cliath 8


Office of the National Director of Human Resources  
Health Service Executive  
Dr. Steevens' Hospital  
Dublin 8

Teil/Tel: (01) 635 2319  
Faics/Fax: (01) 635 2486  
Rphost/ E-mail: nationalhr@hse.ie

TagPOF: 126409  
Tag AD: 126420

12 Samhain, 2010.

Colm Ó Coistealbha  
Bainisteoir Géilliúlachta  
Oifig an Choimisinéara Teanga



A Choilm, a chara,

Déanaim tagairt den gcomhfhreagras uait dar dáta Iúil 20 2010 agus na teagmhálacha a lean é. D'iarr tú Tuairisc ann faoi na céimeanna atá tógtha ag an FSS chun na moltaí a rinneadh de bharr an Imscrúduithe a rinne an Coimisinéar Teanga, a chur i bhfeidhm. Thug an FSS freagra ar thuairisc Imscrúduithe 9 Márta 2009 ar an 22 Bealtaine 2009.

Is é scéim iar-Bhord Sláinte an Iarthair, a chlúdaíonn contaethe na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin, atá faoi chaibidil anseo. Aontaíodh an Scéim Teanga trí bliana seo idir an Aire agus POF BSI i mí Iúil 2005. Tháinig an scéim i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2005 ar feadh tréimhse 3 bliana. Tá an scéim i bhfeidhm i gcónaí le dhá bhliain anuas an fhad agus atáthar ag fanacht le cinneadh faoi aon scéim nua a d'fhéadfaí a aontú leis an Aire (de réir Mír 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003)

I mí na Nollag 2006, thug an tAire cuireadh don POF dréacht scéim a ullmhú le haghaidh an FSS nua-bhunaithe. Cuireadh dréacht scéim faoi bhráid na Roinne i mí na Nollag 2007 tar éis go leor ama agus dua a chaitheamh leis, ina measc suirbhé ar dhearcadh phobal na Gaeltachta. Pléadh an dréacht scéim seo le hoifigigh na Roinne agus cuireadh an dara dréacht ar fáil don Roinn i mí Bealtaine 2009. Níl Scéim an FSS deimhnithe fós.

Tuigeann an FSS na dualgais reachtúla atá air faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus tá feabhsúcháin suntasacha curtha i gcrích sna seirbhísí atá ar fáil agus á soláthar trí Ghaeilge.

Rinne an FSS, athbhreithniú ar struchtúir agus ar chórais soláthar seirbhíse na heagraíochta, seirbhísí trí Ghaeilge ina measc, mar chuid den Chlár um Chomhtháthú Seirbhíse. Chuir Bord an FSS an-bhéim ar an obair chomhtháthaithe seo. Is é toradh na hanailíse ar an Seirbhísí trí Ghaeilge, insa gcomhthéacs seo, ná:

- Go mbeidh osradharc ag Grúpa Sheirbhísí trí Ghaeilge/ Géilliúlacht le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, ar a mbeidh ionadaithe de chuid na Foirme Sinsearaigh Bainistíochta air, chomh luath agus a dheimhneofar Scéim Teanga an FSS.
- Léireofar an ról lárnach atá ag AD ann, ina measc ath-athlíniú gréasán na nOifigeach Forbartha Gaeilge.
- Tabharfaidh an Rannóg Gnóthaí Tomhaltóra cúnaimh leis an gcaidreamh leis an gCoimisinéar Teanga

Chuir an Grúpa Stiúrtha, Seirbhísí Gaeilge a n-ainm le dréacht Scéim Teanga an FSS i Nollaig 2007. Breathnófar arís ar bhallraíocht agus ar théarmaí Thagartha an grúpa seo sna míonna

romhainn i gcomhthéacs an athstuchtúró a rinneadh le déanaí ar an FSS. Ón taithí atá againn ag plé le scéim iar-Bhord Sláinte an Iarthair is dócha go mbeidh feidhmeanna corparáideacha thábhachtacha ar nós AD, Cumarsáid, Cothú Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóra páirteach ann.

Tá ar an FSS agus ar gach comhlacht poiblí maireachtáil faoi choinníollacha dhúshlánacha ghéilleagracha. Tá teora ar gach buiséid agus is is dócha gur in olcas a bheith cúrsaí sa todhchaí. Is dócha go dtitfidh an líon foirne a bheidh fostaithe tuilleadh. Is trí cumas Gaeilge na foirne a bheidh fágtha san FSS a fheabhsófar seirbhísí trí Ghaeilge an FSS chomh maith leis na deiseanna TÉ, e-seirbhísí, suímh idirlíon agus r.l.a thapófar. Cé go gcruthóidh sé seo dúshlán don FSS, Tá muid muiníneach go ndéanfar dul chun cinn suntasach tríd an gcur chuige seo a leanacht.

Cuirfear fáilte i gcónaí roimh comhairle agus moltaí an Choimisinéara Teanga. Rinneadh dul chun cinn suntasach sna seirbhísí agus leanfaidh an obair seo sa todhchaí.

Tá mé ar fáil le tuilleadh plé a dhéanamh más gá.

Le dea-mhéin



**Sean McGrath**

**Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna**





Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Health Service Executive

Oifig an Stiúrtóra Náisiúnta, Acmhainní Daonna  
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Ospidéal Dr. Steevens  
Baile Átha Cliath 8

Office of the National Director of Human Resources  
Health Service Executive  
Dr. Steevens' Hospital  
Dublin 8

Teil/Tel: (01) 635 2319  
Faics/Fax: (01) 635 2486  
Rphost/ E-mail: nationalhr@hse.ie

**CEO Ref: 126409**  
**HR Ref: 126420**

**12<sup>th</sup> November, 2010.**

Mr. Colm Ó,Coistealbha  
Compliance Manager,  
Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla,  
An Spidéal,  
Co. na Gaillimhe.

Dear Mr. Ó'Coistealbha

I refer to your letter of 20<sup>th</sup> 2010 and subsequent contacts. You asked for a report on the steps taken by the HSE to implement the recommendations arising from an investigation by the Commissioner. The March 9<sup>th</sup> 2009 report of this investigation was responded to by the HSE on 22<sup>nd</sup> May 2009.

The Irish Language Scheme in question is that of the former Western Health Board, which covered the counties of Galway, Mayo and Roscommon. The three-year ILS was agreed between the Minister and the CEO of the WHB in July 2005. The Language scheme came into effect from 1<sup>st</sup> September 2005 for a 3-year period. For the last two years, it has remained in effect, pending any new scheme which may be agreed with the Minister (as per Section 15 of the Official Languages Act 2003).

In December 2006, the Minister invited the CEO to submit a draft scheme covering the newly established HSE. Following extensive work including a survey of Gaeltacht households, a draft scheme was submitted in December 2007. This draft was discussed with Department officials, and a second draft was submitted in May 2009. The HSE Scheme remains to be finalised.

The HSE is mindful of its statutory obligations under the Official Languages Act, and in this regard, has already achieved some significant improvements in services available and delivered through Irish.

The HSE, through its Transformation Programme, has carried out a review of its structures and service delivery systems, including the provision of services through Irish. The Board of the HSE has attached the highest importance to this transformation work. In this context, the outcome of analysis of Irish Language Services is that:

- o Services through Irish / Compliance with Official Languages Act, be overseen by a Group comprising Senior Management Team delegates, to be finalised upon agreement of the HSE Scéim Teanga;
- o The key role of Human Resources be reflected, including re-alignment of network of Irish Language Officers;
- o Consumer Affairs to assist in liaison with Language Commissioner.

*..lover*

../page 2

An Irish Language Services Steering Group signed off on the draft HSE ILS in December 2007. The composition and terms of reference of the group will be revisited in the coming months, given the recently completed reconfiguration of the HSE's organizational structure. Experience to date with the old Western Health Board Scheme suggests that important corporate functions include HR, Communications, Health Promotion, ICT and Consumer Affairs.

The HSE and all public bodies now operate in extremely challenging economic times. Budgets are restricted and there is every indication that greater challenges lie ahead. The number of staff employed is likely to fall further. In this climate, it is probable that future improvements in delivery of HSE services through Irish will be achieved by increasing the Irish-speaking capacity of a reduced HSE staff population, and by maximizing the opportunities afforded by ICT, e-services, websites etc. While this will challenge the HSE, there is confidence that further significant improvement will be achieved through this approach.

The advice and recommendations of the Language Commissioner will as always be appreciated. There have been some notable improvements in services, and this will continue.

I am happy to discuss further.

Yours sincerely,



---

**Séan MacGrath,**  
**National Director of Human Resources.**

# **APPENDIX E**



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Health Service Executive

Ofis Sláinte Réigiúnach, FSS an t-Iarthar  
Páirc Mheirlinne  
Gaillimh  
Regional Health Office Galway, HSE West  
Merlin Park Hospital  
Galway  
Teil/Tel: 091 775262  
Facs/fax: 091 771318

7 Iúil 2010

Colm ó Coistealbha  
Bainisteoir Imscrúduithe,  
An Coimisinéir Teanga,  
An Spidéal,  
Co. na Gaillimhe

**Tag: Imscrúdú IM-684D: Comharthaíocht Fliú na Muc**

A Choilm, a chara,  
Déanaim tagairt den litir uait den dáta 8 Meitheamh 2010 agus den litir leasaithe uait den dáta 23 Meitheamh 2010 maidir leis an ábhar thuas, chuig an tOllamh Brendan Drumm, Príomhfheidhmeannach. Ghlac an FSS leis go ndearna muid faillí inár ndualgaisí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla nuair nár scaipeadh eolas ar an phobal sa dá theanga oifigiúil agus nuair nár heisíodh comharthaí rabhaidh i nGaeilge in Earrach 2009, agus ó shin i leith tá gach iarracht á ndéanamh againn cloí lenár ndualgaisí faoin Acht Teanga

- Céard iad na céimeanna atá glactha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte lena chinntiú go bhfuil aon chomharthaíocht nua a chuirtear in airde ag cloí leis na Rialacháin faoi fho-alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Is faoin Rannóg Cumarsáide náisiúnta atá sé treoir a thabhairt do na rannóga éagsúla maidir le heolas a scaipeadh ar an bpobal agus bhí treoracha maidir leis an Acht Teanga agus na Rialacháin a ghabhann leis scaipthe i bhfoirm rphoist chuig gach fostaí de chuid an FSS a bhfuil ríomhphost acu i mí Feabhra 2009 ina raibh nasc chuig Eolas faoi na

Rialacháin ar shuíomh inlíon an FSS. ( cóip leis seo). Chinn an Coiste Éigeandála a bhí i mbun an fheachtais eolais faoi Fliú na Muc gan an tábhar a scaipeadh i nGaeilge mar a míníodh díbh le linn an Imscrúduithe. Ina theannta sin, cuireadh na Stiúrthóirí Náisiúnta uilig ar an Eolas faoi na rialacháin i mí Feabhra 2009, agus tá teagmháil rialta idir Rannóg Theicniúil an FSS ( an rannóg a bhíonn ag plé le conarthaí tógála na heagraíochta) agus na hOFG maidir le comharthaíocht.

- **Soláthar cóip den mheamram eolais, más ann di, a iarradh ar bhainistíocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a sheoladh chuig baill foirne na heagraíochta a d'fhéadfadh a bheith freagrach feasta as:**

(1) cumarsáid i scríbhinn a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme agus/nó

(2) comharthaí a chur in airde.

Scaipeadh an rphost faoin méid thuas ar gach fhostaí i mí Feabhra 2009

- **Ar cuireadh leagan Gaeilge de na comharthaí rabhaidh/eolais ar fáil d'údaráis na n-ionad cuí a bhí sonraithe i moltaí an imscrúdaithe agus ar iarradh orthu iad a chur in airde i dteannta leis na comharthaí Béarla?**

Chuir an Rannóg Cumarsáide na comharthaí rabhaidh/ eolais chuig na calafoirt/ poirt a leanas:

Scaip na hOFG iad ar na comhairlí contae/cathrach a leanas:

An Clár;Gaillimh;Maigh Eo, Tír Chonaill

Oifigí / ionaid áitiúla an FSS

Tá na comharthaí rabhaidh/eolais ar fáil le híoslódáil ar shuíomh an

FSS [www.hse.ie](http://www.hse.ie) agus tá cóipeanna díobh iniata.

- **Soláthar liosta de na hionaid ar iarradh orthu an méid seo a dhéanamh.**

Tá an chomhfhreagras faoin méid seo iniata mar nár éirigh linn fós freagra a fháil ar seo.

Tá cóipeanna de comhfhreagras/ fógraí agus 'rl a bhaineann le Fliú na Muc agus a foilsíodh sa dá theanga oifigiúil leis seo

Le dea-mhéin,

*pp. Baire Uí Thuaghráin*  
Cuimín Mac Aodha Bhuf